Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 27 Bealtaine 2024
(OR. en)

9496/24
COR 1

LIMITE

CORLX 458
CFSP/PESC 666
RELEX 591
COEST 271
FIN 408

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2024/… a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Rúis |

Ar leathanach 16 den Iarscríbhinn, iontráil 16

*in ionad*:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| '16. | Sergey VOROBYOV<br>(Сергей ВОРОБЬЕВ) | Post: Ionchúisitheoir Stáit | Mar ionchúisitheoir sa chás chúiseanna polaitiúla i gcoinne an chosantóra chearta an duine mór le rá Oleg Orlev, d'iarr Sergey Vorobyov go ngearrfaí pianbhreith 2 bhliain agus 11 mhí ar Oleg Orlov, ag áitiú gurb iad 'an fuath agus an naimhdeas idé-eolaíoch' a spreag alt Orlov i gcoinne chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Tá Oleg Orlov, atá 70 bliain d'aois, ar dhuine de chosantóirí chearta an duine is mó a bhfuil meas air agus is faide ag obair sa Rúis, agus is duine de cheannairí na heagraíochta a bhuaigh Duais Síochána Nobel in 2022, *Memorial Human Rights Defence Center* (HRDC 'Memorial'), eagraíocht a leachtaíodh mar chuid den chniogbheartaíocht shistéamach leathan ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse comhthionóil shíochánta, agus saoirse comhlachais sa Rúis. Cúisíodh Oleg Orlov as 'míchlú a tharraingt' ar arm na Rúise, más fíor, tar éis alt tuairimíochta i gcoinne chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine a fhoilsiú i meáin na Fraince, agus gearradh pianbhreith air ina leith.<br>Dá bhrí sin, tá an t-ionchúisitheoir Sergey Vorobyov freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, tríd an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a shárú. | ++'; |

++ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin Cur Chun Feidhme seo.



PUBLIC

*léitear*:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| '16. | Olesya Yurievna VOROBYOVA (Олеся Юрьевна ВОРОБЬЕВА) | Post: Ionchúisitheoir Stáit<br>Dáta breithe: 4.6.1981 | Mar ionchúisitheoir sa chás chúiseanna polaitiúla i gcoinne an chosantóra chearta an duine mór le rá Oleg Orlev, d'iarr Olesya Yurievna Vorobyova go ngearrfaí pianbhreith 2 bhliain agus 11 mhí ar Oleg Orlov, ag áitiú gurb iad 'an fuath agus an naimhdeas idé-eolaíoch' a spreag alt Orlov i gcoinne chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Tá Oleg Orlov, atá 70 bliain d'aois, ar dhuine de chosantóirí chearta an duine is mó a bhfuil meas air agus is faide ag obair sa Rúis, agus is duine de cheannairí na heagraíochta a bhuaigh Duais Síochána Nobel in 2022, *Memorial Human Rights Defence Center* (HRDC 'Memorial'), eagraíocht a leachtaíodh mar chuid den chniogbheartaíocht shistéamach leathan ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse comhthionóil shíochánta, agus saoirse comhlachais sa Rúis. Cúisíodh Oleg Orlov as 'míchlú a tharraingt' ar arm na Rúise, más fíor, tar éis alt tuairimíochta i gcoinne chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine a fhoilsiú i meáin na Fraince, agus gearradh pianbhreith air ina leith.<br>Trí Oleg Orlov a ionchúiseamh ar chúiseanna polaitiúla agus trí iarraidh go ngearrfaí pianbhreith i bpríosún air, tá an t-ionchúisitheoir Olesya Yurievna Vorobyova freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, tríd an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a shárú. | ++ |

++ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin Cur Chun Feidhme seo.